Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1462

26.6.2026

**CINNEADH (AE) 2026/1462 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 25 Meitheamh 2026**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2026**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo ([1]) ('an Comhaontú Inmheánach'), agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2026 lena sonrófar méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2026.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, le glaonna ar ranníocaíochtaí, ídeofar ar dtús na méideanna a leagtar síos in CEFanna roimhe. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

(5) Le Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle ([3]), socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe sa CEF le haghaidh 2026 ag EUR 700 000 000 le haghaidh an Choimisiúin. D'iarr BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo ag EUR 250 000 000 le haghaidh an Choimisiúin méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar an dara tráthchuid le haghaidh 2026.

*Airteagal 2*

Íocfaidh na páirtithe sa CEF an dara tráthchuid dá ranníocaíochtaí aonair CEF le haghaidh 2026 leis an gCoimisiún i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.
([3]) Cinneadh (AE) 2025/2324 ón gComhairle an 13 Samhain 2025 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena leagtar amach an uasteorainn do mhéid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2027, méid bliantúil na ranníocaíochta le haghaidh 2026, méid na chéad tráthchoda den ranníocaíocht le haghaidh 2026 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2028 agus 2029 (IO L, 2025/2324, 14.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2324/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Meitheamh 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. PANAYIOTOU

*IARSCRÍBHINN*

**AN DARA TRÁTHCHUID DE RANNÍOCAÍOCHTAÍ CEF LE HAGHAIDH 2026 (EUR)**

| NA Ballstáit agus RA | Treoir 11ú CEF % | An Coimisiún an 11ú CEF |
|---|---|---|
| an Bheilg | 3,24927 | 8 123 175 |
| an Bhulgáir | 0,21853 | 546 325 |
| an tSeicia | 0,79745 | 1 993 625 |
| an Danmhairg | 1,98045 | 4 951 125 |
| an Ghearmáin | 20,57980 | 51 449 500 |
| an Eastóin | 0,08635 | 215 875 |
| Éire | 0,94006 | 2 350 150 |
| an Ghréig | 1,50735 | 3 768 375 |
| an Spáinn | 7,93248 | 19 831 200 |
| an Fhrainc | 17,81269 | 44 531 725 |
| an Chróit | 0,22518 | 562 950 |
| an Iodáil | 12,53009 | 31 325 225 |
| an Chipir | 0,11162 | 279 050 |
| an Laitvia | 0,11612 | 290 300 |
| an Liotuáin | 0,18077 | 451 925 |
| Lucsamburg | 0,25509 | 637 725 |
| an Ungáir | 0,61456 | 1 536 400 |
| Málta | 0,03801 | 95 025 |
| an Ísiltír | 4,77678 | 11 941 950 |
| an Ostair | 2,39757 | 5 993 925 |
| an Pholainn | 2,00734 | 5 018 350 |
| an Phortaingéil | 1,19679 | 2 991 975 |
| an Rómáin | 0,71815 | 1 795 375 |
| an tSlóivéin | 0,22452 | 561 300 |
| an tSlóvaic | 0,37616 | 940 400 |

| NA Ballstáit agus RA | Treoir 11ú CEF % | An Coimisiún<br>an 11ú CEF |
|---|---|---|
| an Fhionlainn | 1,50909 | 3 772 725 |
| an tSualainn | 2,93911 | 7 347 775 |
| an Ríocht Aontaithe (*) | 14,67862 | 36 696 550 |
| Iomlán AE-27 agus RA | 100,00 | 250 000 000 |

(*) De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil i mí an Mhárta 2023 go ndéanfadh an Coimisiún a sciar atá fágtha aici de chúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF a aisíoc trí glanáireamh a dhéanamh ar a ranníocaíocht atá fágtha aici le CEF. Cuirfear an socrú glanáirimh sin san áireamh sna treoracha íocaíochta faoi seach.